Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10920 — AMAZON / IROBOT)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 202/12)

1. An 31 Bealtaine 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Amazon.com, Inc. ('Amazon', na Stáit Aontaithe)

— iRobot Corporation ('iRobot', Stáit Aontaithe Mheiriceá)

Gheobhaidh Amazon urlámhas aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar iRobot ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Oibríonn Amazon raon gnóthaí lena n-áirítear miondíol, siamsaíocht, leictreonaic do thomhaltóirí, agus seirbhísí teicneolaíocha. Cuireann sé seirbhísí idirghabhála ar líne ar fáil freisin do dhíoltóirí tríú páirtí trína mhargaí ar líne Amazon a ligeann do dhíoltóirí tríú páirtí táirgí a fhógairt agus a dhíol le custaiméirí.

— Is monaróir domhanda de tháirgí cúraim urláir é iRobot, agus é gníomhach go príomha i ndearadh agus soláthar folúsghlantóirí róbat.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10920 — AMAZON / IROBOT

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË